C/2025/2812

20.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11879 — XEROX / LEXMARK)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2812)

1. An 7 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Xerox Holdings Corporation ('Xerox', SAM),

— Lexmark International II, LLC ('Lexmark', SAM), atá faoi rialú Ninestar Holdings Company Limited (SAM).

Gheobhaidh Xerox rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Lexmark ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Xerox, ar bhonn domhanda (seachas an Áise agus an Astráil), seirbhísí teicneolaíochta priontála digití agus seirbhísí, bogearraí agus réitigh ghaolmhara, lena n-áirítear printéirí oifige, réitigh táirgthe, agus seirbhísí priontála bainistithe ar an láthair agus néalbhunaithe a sholáthar (ach gan iad a mhonarú),

— Déanann Lexmark táirgí priontála agus íomháithe, réitigh bhogearraí agus seirbhísí gaolmhara, lena n-áirítear printéirí agus seirbhísí priontála bainistithe néalbhunaithe, a mhonarú agus a dhíol ar bhonn domhanda.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11879 — XEROX / LEXMARK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').